5. An cúigiú saincheist dlí: damáiste neamhábhartha a dhéanamh

De bharr gur diúltaíodh d'iarraidh an iarratasóra ar rochtain agus gur tarchuireadh a shonraí pearsanta ar bhealach neamhrialaithe chuig faighteoirí atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i ngeall ar an gcontúirt lena mbaineann i dtaca le faireachán neamhdhleathach ar mhalartuithe ar an idirlíon, bhain damáiste neamhábhartha EUR 1 200 don iarratasóir.

(1) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39)

**Caingean arna tabhairt an 16 Meitheamh 2022 – LG Chem v an Coimisiún**

**(Cás T-356/22)**

(2022/C 294/57)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* LG Chem, Ltd. (Seoul, an Chóiré Theas) (ionadaithe: P. Vander Schueren agus T. Martin-Brieu, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An caingean a dhearbhú mar inghlactha:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/547 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí polaiméirí sár-ionsúiteacha de thionscnamh Phoblacht na Cóiré [1] ("an Rialachán a chonspóidtear") a neamhniú, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir;

— A ordú don chosantóir na costais a thabhaigh an t-iarratasóir i ndáil leis na himeachtaí seo a íoc.

### Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre saincheisteanna dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe, gur sháraigh sé Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [2] ("an bun-Rialachán"), agus gur sháraigh sé cearta cosanta an iarratasóra le linn anailís a dhéanamh ar éifeacht praghais ar allmhairí ón gCóiré.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe, gur sháraigh sé Airteagail 3(2), 3(5), 3(6) agus 3(7) den bhun-Rialachán agus gur mhainnigh sé cúiseanna a chur in iúl trí anailís a dhéanamh ar chás díobhála tháirgeoirí an Aontais ar bhealach claonta agus tríd an díobháil líomhnaithe a chur i leith allmhairí ón gCóiré, seachas fachtóirí aitheanta eile.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe, gur sháraigh sé Airteagail 3(3) agus 9(4) den bhun-Rialachán chomh maith le cearta cosanta an iarratasóra tríd an gcorrlach díobhála a chinneadh bunaithe ar uimhir rialaithe táirge simplithe, trí mhainneachtain achoimrí leordhóthanacha neamhrúnda a sholáthar ar ríomhanna an chorrlaigh díobhála agus trí mhainneachtain fachtóirí aitheanta díobhála eile a chur in iúl ina chinneadh maidir leis an gcorrlach díobhála.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an cosantóir cearta cosanta an iarratasóra agus an ceart chun dea-riaracháin le linn an imscrúdaithe.

(1) IO 2022 L 107, lch. 27.
(2) IO 2016 L 176, lch. 21.